


# **Tuarascáil Bhliantúil NESDO**

## **Don bhliain dar críoch 2023**



# **Tuarascáil Bhliantúil NESDO**

## Don bhliain dar críoch 2023

# Clár an Ábhair

1.	<b>Chairperson’s Statement</b>	iii
2.	<b>National Economic and Social Council NESC Work Programme 2023</b>	1
3.	<b>Organisational Effectiveness</b>	11
4.	<b>NESDO Accounting Policies</b>	12
5.	<b>Financial Statements as signed by the NESDO</b>	

# 1. Ráiteas an Chathaoirligh

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoi Acht na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta, 2006.

Is foras corparáideach é NESDO de chuid na Comhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach ar cheisteanna bheartas straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil in Éirinn.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil do NESC agus cuireann tuairiscí, riachtanais agus conclúidí faoi bhráid an Rialtais ar thionscadail a dhéanann NESC agus socraíonn foilsíú na míreanna seo ina dhiaidh sin.

Leagtha amach i bPolasaithe agus Nósanna Imeachta NESDO tá socruithe rialachas corparáideach na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus fhoireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus athbhreithnítear iad ar bhonn rialta. Tá mé sásta go gcomhlíonann NESDO na Treoirínte.

Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta NESDO in 2023: ar an 21 Márta, 10 Iúil, 19 Meán Fómhair agus 19 Nollaig. Ar an gcoiste bhí:

- Nigel Clarke (Cathaoirleach), Roinn an Taoisigh
- Edna Jordan, NESC
- Cillian Doyle, Roinn an Taoisigh

Feidhmíonn Aonad Iniúcháireachta Inmheánach (IAU) Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus lucht bainistíochta an NESDO, ag deimhniú leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha an eagrais lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus bainistiú riosca.

Leagtha amach i gcáipéis Nósanna Imeachta Rialuithe Airgeadais Inmheánacha NESDO tá gnáthaimh agus caighdeáin oibríochta chuntasaíochta lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hairgead tirim, párolla, fáiltais, íocaíochtaí, taisteal agus speansais, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil theicneolaíocht na faisnéise, rialuithe buiséid agus bainistiú agus coinneáil taifead.

Le linn 2023, d'athbhreithnigh Coiste Iniúcháireachta NESDO an Clár Bainistithe Riosca agus an Clár Riosca TF, Seicliosta Éifeachtachta an Choiste Iniúcháireachta, na Ráitis Airgeadais (2022), an Chairt Iniúcháireachta Inmheánaí, an tAthbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha agus an Tuairisc Iniúcháireachta ar an Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais. Níor thángthas ar aon cheist shuntasach. Dhearbhagh an Coiste Iniúcháireachta go rabhthas sásta le leordhóthanacht agus cuibhiúlacht an chórais rialuithe inmheánacha laistigh de NESDO.

Is é an duine céanna atá ina Phríomh-Oifigeach ar NESDO agus ina Stiúrthóir ar NESC, a fhaigheann íocaíocht as a phost mar Stiúrthóir ar NESC agus nach bhfaigheann aon luach saothair, díolaíocht ná speansais bhreise as a ról mar Phríomh-Oifigeach ar NESDO. Íoctar gach ball foirne de chuid NESDO agus NESC, an Príomh-Oifigeach san áireamh, de réir ciorcláin ábhartha pá a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá mé sásta go gcomhlíonann NESDO na ciorcláin seo.

Tá NESDO tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Cloíodh lena pholasaí gach sonrasc a íoc laistigh d'achair ama réamhshocraithe le linn na bliana agus rinneadh 94.93% d'íocaíochtaí faoi cheann 15 lá d'fháil an tsonraisc. Ní raibh aon sonrasc faoi réir Ús Íocaíochtaí Pras in 2023.

Le linn na bliana 2023, bhíomar sásta in NESDO a bheith in ann glacadh le polasaí oibre cumaisc, ag teacht le creat níos leithne na státseirbhíse.

Deimhním nach raibh aon imeachtaí suntasacha iar-chláir chomhardaithe ann le linn 2023.

John Callinan

Ráiteas

An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

## 2. An Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta Clár Oibre NESC 2023

Foilsíodh na tuarascálacha NESC seo a leanas in 2023:

Cíos Príobháideach in Éirinn (Tuarascáil NECC Uimh. 159): Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo próifíl den earnáil phríobháideach cíosa, lena n-áirítear tionóntaí, tiarnaí talún agus réadmhaoine. Scrúdaítear ann na brúnna atá ag imirt tionchair ar an earnáil faoi láthair agus déantar breithniú ann ar fhreagairt bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann. Soláthraítear bunús freisin sa tuarascáil le haghaidh plé níos fadtéarmaí faoi éabhlóid na hearnála cíosa.

Tuiscint a fháil ar Gheilleagar na hÉireann in Aimsir an tSuaite (Tuarascáil NECC Uimh. 160): Ó 2020 i leith, tá sraith de thrí shuaitheadh shuntasacha tarlaithe do gheilleagar na hÉireann, i bhfoirm na paindéime, na géarchéime costais maireachtála, agus ionradh na hÚcráine. Le linn na tréimhse sin, léirigh an córas beartais solúbthacht, freagrúlacht agus éifeachtacht.

Rinne an Rialtas agus an córas ceaptha beartas cúram do bhrúnna láithreacha a tháinig chun cinn de bharr na suaití sin agus d'aimsigh siad bealaí chun tús áite a thabhairt do riachtanais na ndaoine is leochailí agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Sa tuarascáil seo, féachann an Chomhairle leis an obair leanúnach sin a chomhlánú trí dhíriú ar an am i láthair agus níos faide ná sin, chun tuiscint a fháil ar an ngeilleagar in am atá fíorshuaite agus dothuartha.

Fiontraíocht Shóisialta ar Oileán na hÉireann (Tuarascáil NECC Uimh. 161): Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar staid na fiontraíochta sóisialta go hidirnáisiúnta, in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, agus ar bhonn oileán comhroinnte.

Is éard is fiontar sóisialta ann fiontar a bhfuil sé mar chuspóir aige tionchar sóisialta nó comhshaoil a bhaint amach, seachas brabús a uasmhéadú dá úinéirí nó dá pháirtithe leasmhara. Tá caidreamh trádála margaidh aige ach déanann sé a bhrabúis a athinfheistiú chun críche sóisialta nó comhshaoil.

Tá sé de chumas ag fiontar sóisialta oiliúint agus poist a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine atá faoi mhíchumas, seirbhísí a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mar aon le dul i ngleic le saincheistanna amhail bochtaineacht bia agus athrú aeráide.

Is é conclúid na tuarascála go bhfuil gá le creat comhordaithe d'fhiontar sóisialta agus go bhfuil an deis ann uailmhian níos mó a bheith ann go háirithe maidir le fócas fiontraíochta níos láidre a fhorbairt. Moltar réimsí d'fhás fiontar sóisialta a chuireann deiseanna fostaíochta ar fáil do dhaoine atá i bhfad ón margadh saothair, i nginiúint fuinnimh in-athnuaite, sa gheilleagar ciorclach agus in athbhunú na bithéagsúlachta, agus aird á tabhairt ar leanaí, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine scothaosta. Tacófar le fiontair shóisialta ar fud oileán na hÉireann, mar shampla, tríd an gclár Peace Plus.

Aistriú Cóir sa Talmhaíocht agus in Úsáid Talún (Tuarascáil NECC Uimh. 162): Is féidir le hearnáil na talmhaíochta agus na húsáide talún a bheith ina cuid den réiteach chun aghaidh phráinneach a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta.

Tá Éire tiomanta do chuspóir náisiúnta aeráide maidir le haistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná deireadh 2050 (Rialtas na hÉireann, 2021a). Tá sé de cheangal ar gach eanáil rannchuidiú. I gcás na talmhaíochta, tá gá le laghdú 25 faoin gcéad ar astaíochtaí faoi 2030, agus cuirfear an sprioc maidir le húsáid talún agus athrú ar úsáid talún i bhfeidhm tar éis Athbhreithniú an Rialtais ar Úsáid Talún a thabhairt chun críche.

Áitítear sa tuarascáil seo go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chomhshaoil mar aon leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta trasnacha.

Is é an pointe tosaigh don aistriú uailmhianach a bhfuil gá leis ná fíis ar féidir leis na páirtithe leasmhara uile aontú go n-oibreoidh siad le chéile ina treo. Ní mór tiomantas don fhoghlaim leanúnach a bheith mar bhonn taca leis an aistear i dtreo na físe sin agus tacófar leis trí phróiseas aistrithe chóir a bheidh dírithe ar aistriú laistigh den talmhaíocht agus ní lasmuigh di. Sainaitníonn NESC an tairbhe a bhaineann le próiseas rannpháirtíochta cuimsitheach chun braistint comhchuspóra a fhorbairt agus a dhoimhniú d'aistriú na hearnála bunaithe ar chumarsáid shoiléir, chomhleanúnach agus chomhsheasmhach.

Creataí Éagothroime agus Folláine (Tuarascáil NECC Uimh. 163): Cé gur coincheap é an neamhionannas a chuirtear ina aghaidh, tuigtear go ginearálta go gciallaíonn sé dáileadh éagothrom na dtosca sóisialta, bitheolaíocha agus eile, a fhágann go mbíonn deiseanna agus/nó torthaí éagothroma ann dóibhsean a ndéantar difear diúltach dóibh. Tá iarmhairtí díobhálacha aige do dhaoine aonair, agus don tsochaí agus don gheilleagar i gcoitinne.

Baineann rialtais agus eagraíochtaí rialtais idirnáisiúnta úsáid as modhanna agus cuir chuige éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas. Áirítear orthu sin beartais macra-leibhéil a thacaíonn le straitéisí athdháilte, reachtaíochta agus náisiúnta; institiúidí chun faireachán a dhéanamh ar chomhionannas, díonadh beartas agus buiséadú comhionannais agus iad a chur chun cinn; agus gníomh dearfach agus cláir phiolótacha. I measc na gcineálacha cur chuige sin tá an cur chuige 'crua' (m.sh. ceangailteach ó thaobh dlí) go dtí an cur chuige 'réidh' (m.sh. bailiú sonraí). Is gnách gurb iad gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí na gealltanais is láidre, ach tá ról ag cur chuige níos boige freisin, maidir le smaointe agus coincheapa a thabhairt isteach chun comhionannas a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas. Tá an toil pholaitiúil atá taobh thiar dá gcur chun feidhme ríthábhachtach freisin.

Scrúdaítear sa tuarascáil seo cur chuige nua a d'fhéadfadh gealltanais a thabhairt maidir le héagothromaíochtaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu: creat folláine (WBF). Tá méadú ag teacht ar an bhforbairt atá déanta ar chreataí den sórt sin ó 2008 i leith mar bhealach chun imeacht ó fhócas ar an olltáirgeacht intíre (OTI) chun torthaí tíre a thomhas (m.sh. torthaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil).

An bhfuil Éire faoi bhláth? Freagraí ó Mheasúnuithe Idirnáisiúnta (Sraith Uimh. 32 Rúnaíocht NESC): Scrúdaítear sa Tuarascáil Rúnaíochta seo a mhéid is féidir cur síos a dhéanamh ar Éirinn mar thír atá faoi bhláth agus tagairt á déanamh do naoi measúnú a luaitear go rialta (lena gcumhdaítear folláine; forbairt an duine; forbairt inbhuanaithe; feidhmiú an aistrithe; dul chun cinn sóisialta; bithéagsúlacht; iomaíochas; saibhreas ionchuimsithe; agus an tsamhail taoschnó a chuimsíonn teorainneacha éiceolaíochta agus pláinéadacha).

Tá teorainneacha ag baint leis na cineálacha cur chuige a scrúdaíodh, ach is túsphointe riachtanach é a mbreithniú in aon phlé ar staid shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil tíre. Treisíonn an páipéar seo an seasamh nach féidir leo a bheith ach mar phointe tosaigh.

Reáchtáil NESC dhá imeacht in 2023.

Iniúchadh a dhéanamh ar an Aistriú Cóir sa Talmhaíocht agus in Úsáid Talún (an 30 Meitheamh 2023): Is féidir le hearnáil na talmhaíochta agus na húsáide talún a bheith ina cuid den réiteach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna an athraithe aeráide agus na bithéagsúlachta. Chuige sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an dúshlán comhshaoil mar aon leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta thrasnacha a bhfuil an earnáil ag tabhairt aghaidh orthu.

Ag tabhairt raon leathan páirtithe leasmhara le chéile ar fud na n-earnálacha talmhaíochta, úsáide talún, aeráide agus comhshaoil, rinneadh iniúchadh ag an imeacht seo ar na príomhthéamaí agus na príomh-mholtaí i dTuarascáil Uimh. 162 ón gComhairle NESC, Aistriú Cóir sa Talmhaíocht agus Talamhúsáid. An chaoi le haistriú cóir a bhaint amach in earnáil na talmhaíochta agus na húsáide talún an cheist lárnach ar tugadh aghaidh uirthi ag an imeacht seo. Bunaithe ar an anailís agus ar na moltaí i dtuarascáil NESC Uimh.162, rinneadh iniúchadh ag an imeacht seo ar an gcaoi ar féidir an t-aistriú sa talmhaíocht agus in úsáid talún a threorú, lena n-áirítear ioncaim a éagsúlú, tacú le hathghiniúint tuaithe agus foinsí nuálacha airgeadais a ghíaráil. Rinneadh iniúchadh ann ar an gcaoi ar féidir iarracht agus costais a chomhroinnt go cothrom chomh maith le próisis chuimsitheacha chun an t-aistriú a rialú.

Comhdháil NESC @ 50 — *A Thriving Ireland: Foundations & Actions (23 Samhain 2023)*: Le linn 2023 ghlac NESC páirt i gclár gníomhaíochtaí chun a bhunú in 1973 a cheiliúradh. Deis a bhí ann breathnú siar ar thionchar na Comhairle, agus deis breathnú chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an gComhairle leanúint de réitigh a fháil ar shaincheisteanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil atá casta agus dúshlánach.

Bhí trí aidhm leathana ag an gcomhdháil.

Ar an gcéad dul síos, rinne sí iarracht aird a tharraingt ar thionchar an-luachmhar NESC i gcaitheamh na cúig scór bliain ó bunaíodh í. Leag sí béim ar an obair a rinneadh amhail an tuarascáil ón Stát Leasa Fhorbartha sna 2000idí, agus ar an obair a rinneadh le déanaí ar thithíocht inacmhainne agus ar smaointe nuálacha amhail cíos de réir costais.

Ar an dara dul síos, ceapadh an chomhdháil chun measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht mar thír. Cuireadh léargas dearfach ar fáil maidir le go leor de na bearta ardleibhéil, lena n-áirítear: ionchas saoil, fás daonra, ioncam agus rachmas agus caighdeán maireachtála, sásamh saoil foriomlán, fostaíocht, sábháilteacht agus slándáil; agus sástacht leis an daonlathas. Ach léirigh sé freisin gur gá feabhas a chur ar an scéal. Chuir sé i gcuimhne dúinn an iliomad teaghlach a bhfuil deacracht mhór acu i gcónaí greim a choinneáil faoin bhfiacail. Tá cohórt rómhór leanaí ann fós atá thíos leis an mbochtaineacht agus leis an díothacht. Tá áiteanna ar fud na tíre ina bhfuil fíorbhochtaineacht, go háirithe pócaí beaga i gcathair Bhaile Átha Cliath, imeall Chorcaí, Phort Láirge agus Luimnigh agus líon beag bailte tuaithe.

Maidir leis an gcomhshaoil agus leis an athrú aeráide, tugadh faoi deara an dul chun cinn ach na fíricí loma freisin go bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an duine fós ró-ard, agus go bhfuil bithéagsúlacht na hÉireann faoi bhagaírt shuntasach.

Ar an tríú dul síos, dearadh an chomhdháil chun féachaint ar an gcaoi a gcuirimid leis an dul chun cinn agus ar an gcaoi a gcosnaímid iad sin atá leochaileach agus ag an am céanna déileáil le fórsaí struchtúracha níos

doimhne — a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an déimeagrafaíocht, leis an intleacht shaorga ghiniúnach, leis an mífhaisnéis agus leis an athrú geopholaitiúil.

Fuair sí amach go bhfuil sé ríthábhachtach, mar thír, go leanfaimid de bheith ag cur leis an gcumas éisteacht le hábhair inní na saoránach agus lena ‘n-eispéiris bheo’ agus gníomhú ina leith; agus, an gá le tuilleadh spáis a chruthú do ‘smaointeoireacht den chineál cliathánach’ a chuidíonn le todhchaí níos dóchasaí a shamhlú do na saoránaigh go léir, faoi láthair agus amach anseo.

Foilseoidh an Chomhairle leabhar *NESC@50: Ireland at Pivotal Moment* chun an comóradh a chomóradh. Gabhfaidh an leabhar an glórtha agus smaointe breis agus 40 duine a ghlac páirt i gcomhdháil mhór i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2023.

## Cruinnithe Idirnáisiúnta de Chomhairlí Eacnamaíochta agus

### Sóisialta (ESC) Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

Ghlac NESC páirt i gcruinniú bliantúil Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (EESC). In 2023, d’óstáil CES na Spáinne cruinniú i Maidrid, an 16 agus an 17 Samhain.

Chomh maith le faisnéis a roinnt maidir le hobair na gcomhairlí agus staid an idirphlé shóisialta agus shibhialta i ngach ceann de na Ballstáit, pléadh ‘An tsochaí shibhialta eagraithe: ráthóir gníomhach an chomhaistrithe agus an daonlathais rannpháirtíochta’ ag an gcruinniú.

## Cruinnithe Idirnáisiúnta Líonra Eorpach na gComhairlí um Fhorbairt Inbhuanaithe

Ghlac NESC páirt ar líne i gComhdháil Bhliantúil EEAC, ‘Sustainability, solidarity and resilience: shared values in the European Union’ a reáchtáladh i mBúcairist an 4–6 Deireadh Fómhair.

## Cruinnithe Bhord NESDO a tionóladh le linn 2023

Tháinig Bord NESDO le chéile faoi dhó in 2023; 21 Meitheamh agus an 18 Nollaig. Is mar leanas comhaltas an Bhoird:—

- John Callinan, Roinn an Taoisigh, Cathaoirleach.
- Elizabeth Canavan, Roinn an Taoisigh, Leas-Chathaoirleach.

Bhí Príomhoifigeach NESDO, an Dr Larry O’Connell, i láthair freisin.

## Cruinnithe Chomhairle NESC a tionóladh le linn 2023

Bhí ceithre chruinniú ag an gComhairle i rith 2023; ar an 30 Márta, 28 Meitheamh, 28 Meán Fómhair agus 18 Nollaig. Is mar seo a leanas a ainmníodh comhaltas na Comhairle 2022-2027:

- John Callinan, Roinn an Taoisigh, Cathaoirleach.
- Elizabeth Canavan, Roinn an Taoisigh, Leas-Chathaoirleach

*Triúr comhaltaí ó Ghnó agus ó Fhostóirí:*

- Ian Talbot, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Chambers Ireland
- Gerard Brady, Príomheacnamaí, ibec
- Hubert Fitzpatrick, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta

*Triúr comhaltaí de chuid na gCeardchumann:*

- Owen Reidy, Ard-Rúnaí, ICTU
- Joe Cunningham, Ard-Rúnaí, SIPTU
- Keven Callinan, Ard-Rúnaí, IMPACT

*Triúr comhaltaí de chuid na Feirmeoireachta agus na Talmhaíochta:*

- Damian McDonald, Ard-Stiúrthóir, IFA
- John Enright, Ard-Rúnaí, ICMSA
- TJ Flanagan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ICOS

*Triúr comhaltaí ó Phobal agus Deonach:*

- Seán Healy, Ceartas Sóisialta Éireann
- Bríd O'Brien, Eagrais Náisiúnta na hÉireann na nDaoine Dífhostaithe
- Nat O'Connor, Saineolaí Sinsearach ar Ghnóthaí Poiblí agus Beartas, Age Action

*Triúr comhaltaí ón gComhshaoil*

- Karen Ciesielski, Comhordaitheoir, Colún Comhshaoil
- Caroline Whyte, Feasta
- Jerry Mac Evilly, Ceann um Athrú Beartais, Cairde na Cruinne, Éire

*Ceathrar comhaltaí ón tSeirbhís Phoiblí:*

- John Hogan, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais
- Orlaigh Quinn [Eanáir-Meán Fómhair] & Declan Hughes [Meán Fómhair-Nollaig], Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- Graham Doyle, Ard-Rúnaí, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- David Moloney, Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe

*Ochtar comhaltaí neamhspleácha arna n-ainmniú ag an Taoiseach:*

- Seamus Coffey, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- An tOllamh Niamh Moore Cherry, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- An Dr Diarmuid Torney, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Dr. Chris Van Egeraat, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
- An tOllamh Colin Scott, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Noelle O’Connell, Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn
- Nichola Mallon, Iar-MLA, Comhthionól Thuaisceart Éireann
- Colette Byrne, Iar-chomhalta Chomhairle Chill Chainnigh

## Obair Rúnaíocht NESC le linn 2023

Le linn 2023, rinne an Rúnaíocht a lán cur i láthair ar obair NESC, ghlac páirt i réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna agus d'fhreastail ar roinnt coistí agus meithleacha. Tá roinnt de na gníomhaíochtaí seo liostaithe thíos.

**Tugadh cuireadh don Dr Larry O'Connell, Stiúrthóir a bheith mar chainteoir agus mar phainéalaí ag na himeachtaí seo a leanas:**

- Comhdháil Tithíochta Éireann, Márta
- Plé ar Shlándaíl Bia DCU, Aibreán
- Bord Bainistíochta na Státseirbhíse, Deireadh Fómhair
- Machnamh ar Chreat Folláine na hÉireann, Samhain
- 'Ag caint faoi Chomhdháil Talún', mí na Nollag
- Ealaín Gheilleagar na Folláine, Nollaig

An Dr Helen Johnston (Anailiseoir Sinsearach Beartais). Le linn 2023 bhí an Dr Johnston ina ball de;

- An Grúpa Teicniúil Comhairleach ar Tháscairí agus Sonraí Bochtaineachta;
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe ar Phromhadh Comhionannas Buiséid;
- An Líonra Cur Chun Feidhme agus an Grúpa Stiúrtha;
- Iontaobhaí Fhondúireacht Katharine Howard;
- Grúpa Comhairleach Taighde Focus Ireland;
- Coiste Comhairleach Taighde an Tionscnaimh um Fhorbairt na nÓg.

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- Clár Dochtúireachta sa Rialachas an Fhorais Riaracháin 'ar Chur Chun Feidhme', Baile Átha Cliath, Eanáir;
- Siompóisiam Beartais na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir leis an mBochtaineacht, Sligeach, Márta;
- Léacht UCD ar Ghairmeacha sa Bheartas Poiblí, Baile Átha Cliath, Márta;
- 11ú Comhdháil Bhliantúil NERI dar teideal 'The Potential of Social Enterprise on the island of Ireland', Béal Feirste, Bealtaine;
- Comhdháil Bhliantúil na gComhlachtaí Thuaidh Theas maidir le 'North South Cooperation over 25 Years: Reflections', Ard Mhacha, Bealtaine;
- Painéal Comhdhála EAPN na hÉireann maidir le 'The Contribution of Ireland to the EU's Role in Tackling Poverty and Benefits Gained', Baile Átha Cliath, Bealtaine;
- Modhnóir an Phainéil Ceisteanna agus Freagraí ag an bhFóram um Chuimsiú Sóisialta, Baile Átha Cliath, Meitheamh;
- An 7ú cruinniú bliantúil de Líonra Buiséadaithe Inscne ECFE maidir le Buiséadú Comhionannais in Éirinn, Baile Átha Cliath, Meitheamh;
- Ceardlann PEACEPLUS de chuid Líonra Taighde Uile-oileáin ar an Aeráid agus ar an mBithéagsúlacht, Dún Dealgan, Lúnasa;
- Tionscadal Mesmer+, Geilleagar Sóisialta na hEorpa a Mhapáil, seimineár maidir le Fiontair Shóisialta in Éirinn, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair;
- Cur i láthair Líonra Slándála Sóisialta Uile-Oileáin maidir le Staid reatha na slándála sóisialta in Éirinn, Béal Feirste, mí na Nollag;

- Cur i láthair ó Chomhdháil Eacnamaíoch Bhliantúil AgendaNI maidir le Fiontar Sóisialta ar Oileán na hÉireann, Teampall Phádraig, Nollaig.

**An Dr Damian Thomas (Anailísí Sinsearach Beartas):** Tugadh cuireadh don Dr Thomas i rith 2023 labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- Cur i láthair ar ‘Locational Value for Public Good’ na Sraithe na Gníomhaireachta Tithíochta maidir le Labhairt faoin Talamh; Seisiún 5: Gabháil Luach Talún, 17/01/23, ar líne
- Cur i láthair maidir le ‘Partnership Principles and Practices’ ag an bhFóram Idirphlé Sláinte le hEagraíochtaí Deonacha’, Seoladh Prionsabal Comhpháirtíochta, an Roinn Sláinte, an 3 Aibreán 2023
- Comhalta den Phainéal ‘*Researching Fair Work in the Hospitality Sector Symposium*’, Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Ollscoil na Gaillimhe, an 23 Lúnasa 2023
- Cur i láthair maidir le ‘Reframing Collective Bargaining and Industrial Relations’, Sraith Seimineár NERI, ICTU, an 20 Meán Fómhair 2023

**An Dr Cathal FitzGerald (Eacnamaíocht Shinsearach).** Tá an Dr FitzGerald ina chomhalta de:

- An Grúpa Eolais Pleanála Náisiúnta; agus
- An Fóram Comhairleach Náisiúnta Pleanála.

Chuir sé taighde i láthair ag na hionaid seo a leanas:

- An Coimisiún Tithíochta;
- Cinn Mhisin Eorpacha;
- Aireacht Airgeadais na hOstaire; agus
- Fóram Beartais Oscailte na Roinne Iompair.

**An Dr Niamh Garvey (Anailísí Sinsearach Beartais).** Le linn 2023 bhí an Dr Garvey ina ball díobh seo a leanas:

- Athbhreithniú maidir le hÚsáid Talún Céim 2 an Ghrúpa Oibre Teicniúil, DAFM/DECC/DHLGH.
- Grúpa Oibre Rannpháirtíochta Saoránach Céim 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún, DAFM/DECC/DHLGH.
- Grúpa Forfheidhmithe agus Forbartha an Bhithgheilleagair, DAFM/DECC.
- An Grúpa Comhordaithe um Thaighde ar an Aeráid, EPA.
- An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Thaighde Comhshaoil, EPA.
- (Comhalta malartach) An Mheitheal um Buiséid Charbóin de chuid na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide.
- Cruinniú an choiste stiúrtha do chéim IV de chlár taighde EPA-ESRI.
- An Coiste Faireacháin um an gClár Forbartha Tuaithe d’Éirinn 2014-2022.
- Grúpa comhairleach thionscadal Léirsiú Domhain DAFM-Climate KIC.
- Foireann Seachadta Suaitheanta Feirmeoireachta Carbóin, DAFM-Climate KIC.
- Coiste Stiúrtha thionscadal taighde maoinithe an EPA: Athléimneacht chóir agus oiriúnú in Éirinn: earnálacha agus réigiúin (Just Adapt)
- Mhaoinigh Coiste Stiúrtha an EPA tionscadail taighde an EPA-IPA: 2022-GCE-1085: Rialachas Comhshaoil Níos Leithne & Eolaíocht Feidhmithe agus 2022-GCE-1086: Rialachas Dramhaíola agus an Gheilleagair Chiorclaigh

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- An Rapóirtéir ar Aistriú Cóir ag Fóram Náisiúnta Aeráide na bPáirtithe Leasmhara, 10 Bealtaine, 2023
- Pobail ag Cruthú Athraithe, Comhdháil Mary Robinson maidir le Ceartas Aeráide, 6 Iúil, 2023

- Seimineár gréasáin um Aistriú Cóir, Climate KIC agus Meitibileach, an 11 Lúnasa 2023
- Bochtaineacht, Éagothroime Ioncaim agus Caighdeán Bheo in Éirinn, imeacht de chuid an ESRI in Acadamh Ríoga na hÉireann. 7 Meán Fómhair 2023
- Ón bhfeirm go dtí an forc: Córais bhia inbhuanaithe a mhúnlú, comhdháil EIT Climate KIC agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), UCD. 28 Meán Fómhair 2023
- Aistriú Cóir, Comhdháil Bhliantúil na hÉireann maidir le Beartas Sóisialta, ar líne, 15 Samhain 2023
- Oiriúnú agus Maolú Aeráide faoi stiúir an Fheirmeora: cén fáth agus conas is féidir le crainn ar fheirmeacha cabhrú, Comhdháil Fhóram Agrafhoraoiseachta na hÉireann, an 16 Samhain, 2023
- Rannchuidiú na hEolaíochta Sóisialta le Taighde ar an Athrú Aeráide, Grúpa Taighde MUSSI agus FSS Má Nuad maidir le hInbhuanaitheacht agus Aistriú Cóir, an 8 Nollaig, 2023

Bhí sé/sí ina chainteoir ar tugadh cuireadh dó/di chuig na cruinnithe seo a leanas:

- Toscaireacht Aireacht Airgeadais na hOstaire go hÉirinn ag bualadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe ar Bhuiséadú Glas, Baile Átha Cliath. 4 Bealtaine,
- Meitheal um Sheirbhísí Éiceachórais EEAC malartú píaraí ar ithir agus uisce, ar líne, an 26 Meitheamh,
- Cruinniú le toscaireacht ón tSlóivéin chuig Éirinn, malartú EIT Climate KIC agus DAFM, Baile Átha Cliath. 27 Meán Fómhair.
- Sraith de Chruinnithe Malartaithe EEAC, cur i láthair ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, ar líne, 17 Deireadh Fómhair
- Ceardlann maidir le húsáid talún, cruinniú den Fhóram Uisce, Baile Átha Cliath, an 12 Deireadh Fómhair, 2023
- Cruinniú de Chomhairle Inbhuanaitheachta na Gearmáine, ar líne, an 7 Samhain 2023:
- Cruinniú de Ghrúpa na nOifigeach don Fhás Glas, Buanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, an Bhruiséil, an 28 Samhain 2023:

**An Dr Jeanne Moore (Anailísí Beartais):** Le linn 2023 bhí an Dr Moore ina ball de;

- Grúpa Oibre an Bhuiséid Charbóin, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide;
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta Sóisialta agus Iompraíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide;
- An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Taighde ar an gComhshaoil;
- Coiste Stiúrtha na hÉireann um Measúnú ar an Athrú Aeráide;
- Bord Comhairleach DCU um an Aeráid agus an tSochaí; agus
- An Mheitheal um Aeráid agus Fuinneamh IIEA.

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- ‘Linking the Irish Environment’, Nasc Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus Líonra Comhshaoil na hÉireann, Béal Feirste, Meitheamh;
- Comhdháil Mary Robinson maidir leis an Aeráid, Béal an Átha, Iúil;
- Imeacht de chuid Fhóram Óige na nOileán Comhroinnte, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair;
- ‘Aistriú Cóir’ Comhdháil Bhliantúil na hÉireann maidir le Beartas Sóisialta, ar Líne, Samhain.

Gemma O'Reilly (Anailíseoir Beartais). Le linn 2023, bhí Gemma O'Reilly ina comhalta de;

- Grúpa Oibre Seachadta an Choimisiúin Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh, Grúpa Úsáideoirí Gluaisteán faoi Chung
- Biúró Mheitheal ECFE um an Athrú Aeráide
- Meitheal ECFE um Airgeadas agus Infheistíocht le haghaidh Spriocanna Comhshaoil

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- Rapporteur 'an Fóram Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe', an Roinn Iompair, Baile Átha Luain, Aibreán
- Cruinniú clabhsúir, Meitheal ECFE um an Aeráid, Infheistíocht agus Forbairt, Páras, Meán Fómhair
- I dTreo Neodracht Aeráide, Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair

Noel Cahill (Eacnamaí). Le linn na bliana 2023 bhí Noel Cahill ina bhall de;

- Painéal Comhairleach um Sholáthar agus Incheannaitheacht na Gníomhaireachta Tithíochta.

Chuir sé i láthair ag an 'Cíos Príobháideach in Éirinn' ag an 10ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Bliantúil maidir le Maoin, IQuest, Baile Átha Cliath, Samhain.

Dáithí Downey (Anailíseoir Beartais). Le linn 2023 agus le linn dó a bheith ar iasacht ó DCC rinne Dáithí cur i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- 'Housing Affordability Indicators: towards greater sophistication in comparative measurement' chuig an seisiún maidir le *Housing Observatories: A View of Affordability in Times of Soaring Inflation* ag an bhFéile Idirnáisiúnta um Thithíocht Shóisialta (ISHF) i Meitheamh;
- Táirgeadh, airgeadas agus an stát tithíochta inacmhainne i dTuaisceart agus i nDeisceart an domhain ag Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Gheografaigh Ríoga, Sasana, Lúnasa.
- 'Ag dul i gcomhairle leis an gComhphobal? Fóram maidir le comhairliúchán pobail agus athghiniúint tithíochta' arna eagrú ag Scoil na hAiltireachta agus na Timpeallachta Tógtha (SABE) in Ollscoil Theicniúil Bhaile Átha Cliath (TUD), mí na Samhna.

## 3. Éifeachtacht Eagraíochtúil

### Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá NESDO tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Tá an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh de NESDO á threorú ag comhlíonadh an Achta NESDO 2006 agus Forálacha an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Le linn 2022, i bhfianaise thabhairt isteach Bheartas Oibre Cumaiscthe NESDO, leanadh de bhéim ar leith a leagan ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá ag feidhmiú in NESDO, ag díriú ar bhainistiú airgeadais agus sonraí.

### Bainistiú Riosca

Éilíonn bainistiú éifeachtach riosca eagraíochtúil próisis rialaithe láidre chun tacú le NESDO agus leis an mBord ar mhaithe le cuspóirí NESDO a bhaint amach. Bunaítear feidhmeanna riosca agus rialaithe i ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca arna cheapadh ag an mBord, a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht, ar chúrsaí riosca lena n-áirítear beartas agus cleachtas. Tá Clár Riosca bunaithe ag NESDO agus déanann an Coiste Iniúchóireachta & Riosca é a athbhreithniú agus a fhaomhadh go tráthrialta.

### Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2014) go ndéanfaidh NESDO measúnú ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um chomhionannas a chreideann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir NESDO; leagan amach beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo; agus déanann tuairisciú ar fhorbairtí agus ar an méid atá bainte amach maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ina thuarascáil bhliantúil.

### Cúrsaí Eitice i Reachtaíocht na nOifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar NESDO faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta do NESDO sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.

### Saoráil Faisnéise

Ní bhfuair NESDO aon iarratas maidir le Saoráil Faisnéise (FOI) sa bhliain 2023.

### Astaíochtaí a Fhritháireamh a Bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil

I gcomhréir le forálacha Chiorclán 01/2020, thaifead NESDO na hAstaíochtaí seo a leanas a bhaineann le húsáid aerthaistil oifigiúil le haghaidh 2023 mar a leanas:—

- |  |        |
|--|--------|
| • Líon iomlán na gciliméadar a thaistealaítear trí eitiltí:                        | 11152  |
| • Na tonnaí de CO2 is infheidhme   | 1.2006 |
| • An méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | €58.23 |

## 4. Beartais Chuntasaíochta NESDO

### 4.1 Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Réitíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ar aon dul le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leo ach má mhaítear a mhalairt.

### 4.2 Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontas a fhaightear ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid thirim.

Aithnítear an t-ioncam ó Chomhdhálacha nuair a shonrasctar é. Má dhealraítear go mb'fhéidir nach bhfaighfí an t-airgead, déantar foráil i gcomhair fiachais amhrasacha.

Téann NESDO i mbun tionscadail chómhaoinithe le heagrais eile a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh níos faide ná bliain. Aithnítear an t-airgead seo ar bhonn fáltais airgid thirim.

### 4.3 Airgeadraí Eachtracha

Taifeadtar idirbheartaíochtaí in airgeadraí seachas an euro ag na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheartaíochtaí nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanas go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim agus sa Chuntas Caiteachais.

### 4.4 Sócmhainní Inláimhsithe

Maítear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh i leith a luachanna measta iarmharacha le linn a saolré measta úsáide trí thráthchodanna bliantúla cothroma.

Is mar seo a leanas atá saolré measta úsáide sócmhainní inláimhsithe trí thagairt do dhímheas:

- Troscán: 5/10 bliain;
- Trealamh: 5 bliana.

### 4.5 Aoisliúntas

Le ceadú ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, rinne gach ball foirne ball den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe díobh féin faoin mbliain 2015. Is scéim neamh-ranníocaíochta í seo do phinsean scoir agus sochair chnapshuime an oifigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha i leith na Scéime Céilí agus Leanaí. Íocann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO i leith socruithe aoisliúntais na mball foirne seo. Tá Scéim Pinsean NESDO á bunú faoi láthair ag NESDO de réir Acht Pinsean na Seirbhísí Poiblí 2012, I.R. 582 a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena ceadú in 2023.

Oibríonn NESDO an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltai na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPNPR).

Le linn 2023, thug Roinn an Taoisigh ball foirne amháin ar iasacht do NESDO. Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhalta foirne amháin ar iasacht don NESDO agus beirt bhall foirne NESDO ar iasacht chuig Roinn an Taoiseach. Bhí na baill foirne seo cumhdaithe ag na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn/Comhairle féin faoi seach. Chúitigh NESDO an Roinn/an Chomhairle i leith tuarastail, ÁSPC an fhostóra agus aoisliúntas na mball áirithe foirne. Fabhraíodh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus íocadh iad i leith an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Coimeádta Ioncaim. Is í an Roinn/an Chomhairle ábhartha atá freagrach as párolla agus aoisliúntas na mball foirne atá ar iasacht ag NESDO.

## 5. Ráitis Airgeadais arna síniú ag NESDO Bord

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eachamaíoch  
agus Shóisialta (NESDO)

Ráitis Airgeadais

Don Mhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

**Clár Ábhair**

	<b>Leathanach</b>
Cornhaltaí Boird agus Eolas Eile	1
Tuarascáil an Chathaoirligh	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	3-5
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	6-7
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	8-9
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	10
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	11
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	12
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	13-18

**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

**Comhaltaí Boird agus Eolas Eile**

Comhalta Boird:	An tUasal John Callinan Elizabeth Canavan Uasal
Baincéirí:	Banc-Aontas Éireann 7/12 Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2
Ceannoifig:	16 Cearnóg Parnell Baile Átha Cliath 1
Iníúchóir:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

## An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

### Tuarascáil an Chathaoirligh

#### Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach (NESDO) faoi théarmaí an Achta um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 agus tá sé rialaithe ag Bord a cheap an Taoiseach.

Is é NESDO foras corparáideach na Comhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach ar cheisteanna beartas straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil in Éirinn.

Tá Bord NESDO tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachais Chorporáidigh agus tá Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe curtha i bhfeidhm aige.

Tá treoirínte maidir le beartais agus nósanna imeachta leitheadacha i bhfeidhm ag NESDO maidir le gach ball foirne, coiste agus comhaltaí boird. Cuireann NESDO na caighdeáin nochta agus trédhearcachta is airde i bhfeidhm maidir leis na leasanna atá ag baill foirne, coistí agus comhaltaí Boird.

#### Polasáí Luach Saothair - Comhaltaí Boird agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin

Is é an duine céanna atá ina Príomhoifigeach ar NESDO agus ina Stiúrthóir ar an NESC. Déantar é a íoc i leith an phoist atá aige ina Stiúrthóir ar an NESC agus ní íoctar aon luach saothair, sochar oifige ná speansais eile leis maidir lena ról ina Phríomhoifigeach. Déantar gach ball foirne NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir a íoc de réir ciorcláin pá ábhartha atá eisiithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ní íoctar aon luach saothair/táillí le comhaltaí boird NESDO na le comhaltaí Comhairle NESC.

#### Gnóthas Leantach

Tá súil réasúnta ag an mBord le maoiniú leanúnach Roinne. Ar an gcúis sin, leanann an Chomhairle de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh is na ráitís airgeadais bliantúla á n-ullmhú. Fuarthas an chéad tráthchuid d'Ioncam Deontais 2024 i mí Eanáir 2024.

Sínithe ag:



John Callinan  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta:

16/12/24

## **An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

### **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

#### **Rialachas**

Bunaíodh Bord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoi Acht na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, 2006. Tá an Bord freagrach don Taoiseach agus freagrach as rialachas maith a chinntiú a chuirtear i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach cinneadh gnó. Príomhfheidhmeannach (CO) agus foireann bainistíochta sinsearaí NESDO atá freagrach as NESDO a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don foireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leagan an Bord amach a leanúint agus a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir Bord agus bainistíocht an NESDO.

#### **Freagrachtaí an Bhoird**

Leagtar amach i gcáipéis Polasaithe agus Nósanna Imeachta NESDO obair agus freagrachtaí an Bhoird chomh maith le nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh Boird. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Bord, tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta; agus
- nithe forchoimeáda.

Ceanglaíonn Alt 31(1) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 ar NESDO na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an Taoiseach le comhthoilíú an Aire Airgeadais.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó, agus
- a lua cibé an ndearnadh caighdeán chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil taifid chuntasaíochta leordhóthanacha á gcoimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais mar atá dlite faoi Alt 31(2) d'Acht na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin NESDO agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an Bord atá freagrach as plean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht NESDO faoi threoir an phelean bhliantúil agus an bhuiséid an 21 Meitheamh 2023.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar sócmhainní NESDO a choimirciú go leordhóthanach agus go bhfuil céimeanna réasúnta i bhfeidhm chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath

Measann an Bord go dtugann Ráitis Airgeadais NESDO léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an NESDO amhail an 31 Nollaig 2023.

#### **Struchtúr an Bhoird**

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a cheapann an Taoiseach. Tionóltar cruinnithe boird gach bliain nó níos minice de réir mar is gá. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse chomhthréimhseach le téarma na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NES). Tugtar sainmhíniú sa tábla thíos ar na tréimhsí ceaptha maidir le comhaltaí reatha:

## An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
John Callinan	Cathaoirleach (Reatha)	Meitheamh 2022
Elizabeth Canavan	Leas-Chathaoirleach (Reatha)	Meitheamh 2022

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) bunaithe ag an mBord atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí, beirt chomhaltaí sheachtracha san áireamh. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá an ARC neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Go dtuaisceoidh an Coiste don Bhord gach bliain, nó de réir mar is gá. Tuairiscíonn an CIR chuig an mBord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad Nigel Clarke (Cathaoirleach), ó mhí an Mhárta 2021 comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca; Cillian Doyle, Roinn an Taoisigh ó mhí an Mheithimh 2021, agus Edna Jordan, NESD ó mhí an Mhárta 2021. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca in 2023.

### Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2023 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

	Táillí &	Costais an Bhoird (€)
Líon na gCruinnithe:	2	
John Callinan	2	-
Elizabeth Canavan	2	-

Ní fhaigheann na comhaltaí Boird aon táillí ná costais.

	Táillí & Costais	an Choiste Iniúchta agus Riosca (€)
Líon na gCruinnithe:	4	
Nigel Clarke	4	-
Cillian Doyle	4	-
Edna Jordan	4	-

### Nochtaí a Éilítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

An Bord atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an NESDO ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha d'Fhostaithe de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon de shochair iomlána na bhfostaithe	Líon na bhFostaithe 2023	Líon na bhFostaithe 2022
€60,000-€69,999	1	1
€70,000 - €79,999	2	-
€80,000 – €89,999	1	2
€90,000 - €99,999	3	2
€100,000 - €109,999	-	2
€110,000 - €119,999	4	3
€120,000 - €129,999	1	-
€130,000 - €139,999	-	-
€140,000 - €149,999	-	-
€150,000 - €159,999	-	1
€160,000 - €169,999	1	-

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear sochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais ragoibre agus iocáíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Déantar Caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

Fostaithe	2023 (€)	2022 (€)
In Éirinn	7671	7055
Eachtrach	5057	903
<b>Neamh-Fhostaithe</b>		
In Éirinn	293	257
Eachtrach	725	48
<b>Iomlán</b>	<b>13,746</b>	<b>8,263</b>

**Costais Chomhairleoireachta**

Tá NESD i mbun tionscadail taighde um fhorbairt inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tionscadal	2023 (€)	2022 (€)
Comhairliúchán maidir le Taighde ar Fhorbairt Inbhuanaithe	25606	76839

**Costais agus Socraíochtaí Dí**

2023 (€)	2022 (€)
Náid	Náid


**Caiteachas Fáilteachais**

Anailís ar Chaiteachas	2023 (€)	2022 (€)
Fostaithe	244	293
Neamh-Fhostaithe	445	137
<b>Iomlán</b>	<b>689</b>	<b>430</b>

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí NESDO i gcomhréir iomlán leis an gCód le haghaidh 2023.

Sínithe ag:



**John Callinan**  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta:

16/12/24

## **An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

### **Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

#### **Scóip na Freagrachta**

Thar ceann Bhord na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, admháim an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú san Oifig. Tugtar san áireamh leis an bhfreagracht sin na coinníollacha faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

#### **An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas é a chur ar neamhní ar fad. Ní fhéadfaidh an córas ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm i NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta ar ceadaiodh na ráitis airgeadais.

#### **An Acmhainn Déileáil le Riosca**

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag NESDO ar a bhfuil triúr comhaltaí ar comhaltaí seachtracha iad beirt acu, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil taithí leathan chorparáideach agus airgeadais acu in eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Tá rochtain ag ARC ar sheirbhísí cuntasáiochta gairmiúla de réir mar is gá. Tháinig ARC le chéile ceithre huairte le linn na bliana 2023.

Is é Aonad Iniúchta Inmheánaigh Roinn an Taoisigh a dhéanann an fheidhm iniúchta inmheánaigh ag NESDO thar ceann ARC NESDO Tá acmhainní leordhóthanacha ag an Aonad agus reachtálann sé clár oibre trí bliana a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchta a chlúdaíonn raon leathan réimsí den eagraíocht lena n-áirítear rialuithe inmheánacha.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na ról agus freagrachtaí atá ar bhail foirne maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca NESDO, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

#### **An Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag NESDO agus leis an gcóras sin sainnítear agus déantar tuairisciú ar príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag NESDO agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar an chontúirt ó gach réimse baoil a mhaolú go dtí gur féidir a sheasamh.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhail foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

## An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

#### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nós imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cú sin. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhríosaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnamh a aithnítear a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

#### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach. Le linn 2023, meastar go bhfuil Conradh amháin ar luach €10,761 neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach. Tá bearta déanta ag NESDO chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh sin trí phróiseas iomaíoch a thabhairt chun críche don tseirbhís seo. Tabharfar an próiseas sin chun críche in 2024.

#### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Tá faireachán agus athbhreithniú NESDO ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar ARC a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ar an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de NESDO atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023 ar an 18 Nollaig 2023.

#### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna Ráitis Airgeadais maidir le 2023.

Sínithe ag:



John Callinan  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta:

16/12/24



## An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

### An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

#### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

##### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- den ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- De na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasáiochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar ioncam agus chaiteachas na hOifige don bhliain 2023 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn*.

##### An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

##### Tuarascáil ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Paula O'Connor  
Do agus thar ceann  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
19 Nollaig 2024

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006.
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaiochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tuairisciú chuig Títhe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na CIlInna, ar mhírítis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIlInna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a sháru a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaiochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.

- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaiochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu atá éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáil ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtáil dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnim le linn m'iniúchta.

Tuairiscim trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaiochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaiochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na CIlInna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éillítear orm tuairisciú ina leith sin.

### Tuairisciú ar ábhair eile


Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscim má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tsli a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**  
**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe**  
**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

Ioncam	Nótaí	Arna athshonrú	
		2023 €	2022 €
Deontas Oireachtais	3	2,353,350	2,128,808
Ioncam Eile	4	102,230	98,945
Ioncam Iomlán		<u>2,455,580</u>	<u>2,227,753</u>
Caipitiúil			
Costais Foirne	5	1,653,117	1,488,944
Sainchomhairleoireacht		25,606	76,839
Priontáil agus Foilseacháin		11,499	5,086
Taisteal agus Cothabháil	7	13,746	8,263
Comhdhálacha agus Seimineáir		171,653	50,375
Oiliúint		13,319	15,105
Postas, Tacsaithe & Cúiréirí		850	483
Seirbhísí Leabharlainne		17,189	14,204
Riarachán		919	508
Táillí Gairmiúla		35,591	5,100
Táille Iniúchóireachta		10,000	10,000
Teileafón		5,398	7,900
Stáiseanóireacht		7,337	5,592
Costais TF agus Láithreáin Gréasáin		42,386	79,585
Cíos & Muirir Sheirbhíse		408,672	381,280
Trealamh Oifige		36,428	31,054
Caiteachas Iomlán		<u>2,453,710</u>	<u>2,180,318</u>
Barrachas/(Easnamh) don bliain roimh Leithreasuithe		1,870	47,435
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	12	-	-
Barrachas/(Easnamh) don bliain tar éis Leithreasuithe		1,870	47,435
Iarmhéid amháil an 1 Eanáir		171,664	124,229
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b><u>173,534</u></b>	<b><u>171,664</u></b>

Áirítear na gnóthachain agus cailleanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.

Sínithe ag:   
 John Callinan  
 Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 16/12/24

Sínithe ag:   
 Larry O'Connell  
 Príomhoifigeach

Dáta: 16/12/24

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023	Arna Athshonrú 2022
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoin, Fearas agus Trealamh	8	-	-
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	9	16,059	22,505
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	11	221,787	201,070
		<u>237,846</u>	<u>223,575</u>
<b>Dlíteanais Reatha – (Méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin)</b>	10	<u>(64,312)</u>	<u>(51,912)</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		173,534	171,664
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<u>173,534</u>	<u>171,663</u>
<b>A Ionadaíonn do</b>			
Cuntas Caipitil	12	-	-
Cúlchistí Coinnithe		173,534	171,664
		<u>173,534</u>	<u>171,663</u>

Áirítear na gnóthachain agus cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.

Sínithe ag:   
 John Callinan  
 Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 16/12/24

Sínithe ag:   
 Larry O'Connell  
 Príomhoifigeach

Dáta: 16/12/24


An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	Arna athshonrú 2022 €
<b>Glan-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Barrachas don bhliain		1,870	47,435
Dímheas		-	-
(Laghdú) ar infháltais		6,446	317
Ardú/ (Laghdú) ar shuimeanna iníochta		12,400	(26,803)
Aistriú chuig an/(ón) gcuntas caipitil		-	-
Ús bainc faighte		(167)	-
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>20,549</b>	<b>20,949</b>
<b>Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíocht chun maoin, fearas & trealamh a fháil	7	-	-
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>			
Ús bainc faighte		167	-
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>		<b>167</b>	<b>-</b>
<b>Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim</b>		<b>20,716</b>	<b>20,949</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		201,070	180,121
<b>Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig</b>	10	<b>221,786</b>	<b>201,070</b>

Áirítear na gnóthachain agus cailleanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.

Sínithe ag:   
John Callinan  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 16/12/24

Sínithe ag:   
Larry O'Connell  
Príomhoifigeach

Dáta: 16/12/24

## **An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

### **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

#### **Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2023**

## **1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**

### **Beartais Chuntasaíochta**

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac NESDO. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### **Eolas Ginearálta**

Cuireadh NESDO ar bun faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, agus tá ceannoifig aige ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Is mar seo a leanas príomhchuspóir NESDO, de réir mar a leagtar amach in Alt 8 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006:

Comhairle a thabhairt don Taoiseach maidir le gach saincheist beartais straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialach sa Stát.

Is Eintiteas Leasa Poiblí é NESDO.

### **Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

### **Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Taoiseach le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach i gcásanna inar déileáladh le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais NESDO.

### **Na Coimisinéirí Ioncaim**

#### ***Deontas Oireachtais***

Aithnítear deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid thirim.

#### ***Ioncam Eile***

Tá NESD i mbun tionscadail taighde a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Aithnítear an t-ioncam seo nuair a shonrasctar é.

Téann NESDO i mbun tionscadail chómhaoinithe le heagrais eile a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh níos faide ná bliain. Aithnítear an t-airgead seo ar bhonn fáltais airgid thirim.

### **Airgeadraí Eachtracha**

Taifeadtar idirbheartaíochtaí in airgeadraí seachas an euro ag na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheartaíochtaí nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go euro ar dháta an chlár chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim agus sa Chuntas Caiteachais.

## **An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

### **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2023**

#### **Maoin, Fearas agus Trealamh**

Is é €10,000 an tairseach chun maoin, fearas agus trealamh a chur san áireamh. Luaitear maoin, fearas agus trealamh ar chostas lúide dímheas carnta, atá coigeartaithe maidir le haon soláthar do laige. Cuirtear dímheas ar fáil maidir le gach maoin, fearas agus trealamh, seachas talamh ruilse agus obair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne díri thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

(i)	Troscán:	10 mbliana
(ii)	Trealamh:	5 mbliana

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí ó shócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh laige i luach sócmhainne, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

#### **Sochair d'Fhostaithe**

##### ***Sochair Ghearrthéarmacha***

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníoctha' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

##### ***Sochair Scoir***

Le ceadú ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, rinne gach ball foirne ball den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Nearthbhunaithe díobh féin faoin mbliain 2015. Is scéim neamh-ranníocaíochta í seo do phinsean scoir agus sochair chnaphuime an oifigigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha i leith na Scéime Céilí agus Leanaí. Íocann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO i leith socrúithe aoisliúntais na mball foirne seo. Tá Scéim Pinsean NESDO á bunú faoi láthair ag NESDO de réir Acht Pinsean na Seirbhísí Poiblí 2012, I.R. 582 a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena ceadú in 2023.

Oibríonn NESDO an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltáí na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPNPR).

Le linn 2023, tugadh roinnt ball foirne ar iasacht do NESDO ó Ranna eile. Bhí na baill foirne seo cumhdaithe ag na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn féin faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i leith tuarastail, ÁSPC an fhostóra agus aoisliúntas na mball áirithe foirne. Fabhraíodh aisiocaíochtaí ar bhonn míosúil agus íocadh iad i leith an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Coimeádta Ioncaim. Is é an Roinn ábhartha atá freagrach as párolla agus aoisliúntas na mball foirne atá ar iasacht ag NESDO.

#### **Breithiúnais Agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasáíochta**

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an chláir chomhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhair a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

#### **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an bPríomhoifigeach ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhóinteach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

## An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

## 2 Coigeartú réamhthréimhse

Do thréimhse airgeadais 2023, ghlac NESDO athrú deonach go cúlghabhálach ar bheartais chuntasaíochta i gcomhréir le FRS102 agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar maoin, fearas agus trealamh a chaipitliú i gcomhréir le Ciorclán DPER 21/2020.

Luadh i gCiorclán DPER 21/2020 go méadóidh an tairseach chun sócmhainní caipitil a chur san áireamh ar an ráiteas ar shócmhainní caipitil go dtí €10,000 do shócmhainn aonair. Tá an beartas Maoine, Fearais agus Trealamh ailínithe ag NESDO anois i gcomhréir leis an gCiorclán, agus i gcomhréir le FRS 102 tá na coigeartuithe iomchuí déanta aige ar chostais chaipitilithe na réamhthréimhsí. D'fhormheas an bord an t-athrú sin ar an mbeartas cuntasaíochta an 30 Meán Fómhair 2024.

Déantar an laghdú ar luach na sócmhainne a mheaitseáil le coigeartú comhfhreagrach cúitimh ar an gcuntas caipitil. Níor tháinig aon athrú ar an easnamh tuairiscithe don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ná aon réamhthréimhse tuairiscithe mar thoradh ar an athrú sin ar an léirmhíniú.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas tionchar an choigeartaithe réamhthréimhse sin. Rinneadh na coigeartuithe seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an dáta a aithníodh ar dtús iad an 1 Eanáir 2022, arb é sin tús na tréimhse is luaithe a cuireadh i láthair an 31 Nollaig 2022, arb é sin an t-iarbhéid deiridh comparáideach.

### Tionchar an choigeartaithe réamhthréimhse ar ráitis airgeadais

	1 Eanáir 2022 mar a cuireadh i láthair roimhe seo	Coigeartú	1 Eanáir 2022 arna athshonrú
<b>Ráiteas maidir le Staid Airgeadais</b>			
Maoin, fearas agus trealamh	22,425	(22,425)	-
Cuntas Caipitil	<u>22,425</u>	<u>(22,425)</u>	<u>-</u>
	31 Nollaig 2022 mar a cuireadh i láthair roimhe seo	Coigeartú	31 Nollaig 2022 mar a athshonraíodh
<b>Ráiteas ioncain agus caiteachais agus cúlchiste ioncain coinneithe</b>			
<i>Caiteachas</i>			
Dímheas	13,484	(13,484)	-
Trealamh Oifige	<u>-</u>	<u>31,054</u>	<u>31,054</u>
<i>Cuntas Caipitil</i>			
Aistriú chuig an/(ón) gcuntas caipitil	17,570	(17,570)	-
<b>Ráiteas maidir le Staid Airgeadais</b>			
Maoin, fearas agus trealamh	39,995	(39,995)	-
Cuntas Caipitil	<u>39,995</u>	<u>(39,995)</u>	<u>-</u>

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitís Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

**3 Íostarraingt Ioncaim Deontais Oireachtais**

	2023	2022
	€	€
Íostarraingt Ioncaim Deontais Oireachtais <sup>1</sup>	<u>2,353,350</u>	<u>2,128,808</u>

<sup>1</sup> Foinse Ioncaim – Leithdháileadh ó Vóta 2 Roinn an Taoisigh Fo-mhírcheann A3 chuig NESDO. Mar chomh-chomhlacht NESDO (de réir mar a leagtar amach san Acht um an Oifig Náisiúnta d’Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006), íocann NESDO as caiteachas NESC.

**4 Ioncam Eile**

	2023	2022
	€	€
Ioncam Comhshaoil <sup>2</sup>	100,951	98,945
Ús bainc infhála	167	-
Díol Tomhaltán	1,112	-
	<u>102,230</u>	<u>98,945</u>

<sup>2</sup> Fuarthas an tsuim €100,951 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide in 2023.

**5 Costais Foirne**

	2023	2022
	€	€
Tuarastail agus Pinsin	1,501,072	1,356,291
Costais Leasa Shóisialaigh	152,045	132,653
	<u>1,653,117</u>	<u>1,488,944</u>
Ba é meánlíon na bhfostaithe agus leithdháileadh ECF le linn na bliana:	<u>18</u>	<u>18</u>

Asbhaineadh €82,249 san iomlán (2022: €75,736) de thobhach pinsin ó bhaill foirne a íocadh le Roinn an Taoisigh. Fuair Príomhoifigeach NESDO, atá ina Stiúrthóir NESC freisin, €167,520 (2022: €157,530) mar luach saothair i ndáil lena ról mar Stiúrthóir NESC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Ní bhfuair an Príomhoifigeach luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Mar Stiúrthóir NESC, fuair sé €474 in 2023 (2022: €1,830) i ndáil le taisteal oifigiúil agus cothabháil

de réir Chiorclán 07/2009 na Roinne Airgeadais.

Bhí ball foirne amháin ar iasacht ó Roinn an Taoisigh agus bhí ball foirne amháin ar iasacht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Áirítear le Tuarastail agus Pinsin Pá Saoire fabhráithe €42,074 (2022 – €28,159).

**6 Sochair Scoir**

	2023	2022
	€	€
Áirítear i dtuarastail agus pinsin i nóta 4 an méid seo a leanas:		
Ranníocaíochtaí fostaithe leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i leith foirne	14,128	6,535
Ranníocaíochtaí fostaithe le Roinn an Taoisigh i ndáil le baill foirne	46,758	30,126
	<u>60,886</u>	<u>36,661</u>

**7 Taisteal & Cothabháil**

	2023	2022
	€	€
Taisteal agus Cothabháil <sup>3</sup>	<u>13,746</u>	<u>8,263</u>
	<u>13,746</u>	<u>8,263</u>

3. Lena n-áirítear costais a aisíoc le comhaltaí Chomhairle NESC a bhaineann le freastal ar chruinnithe den Chomhairle.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

<b>8 Maoin, Fearas agus Trealamh</b>	<b>Trealamh</b>	<b>Troscán</b>	<b>Iomlán</b>
	€	€	€
<b>Costas</b>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 (arna athshonrú)	119,466	39,693	159,159
Suimeanna Breise	-	-	-
Diúscairtí	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	<u>119,466</u>	<u>39,693</u>	<u>159,160</u>
<b>Dímheas</b>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 (arna athshonrú)	119,466	39,693	159,159
Muirear don bhliain	-	-	-
Diúscairtí	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	<u>119,466</u>	<u>39,693</u>	<u>159,159</u>
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>			
Ag 31 Nollaig 2023	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>
Amhail an 31 Nollaig 2022 (arna athshonrú)	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>

Mar a leagtar amach i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, eascraíonn coigeartú na bliana roimhe sin as athrú ar bheartas cuntasáiochta i ndáil le caipitliú sócmhainní agus leis an íostairseach. Dá réir sin, rinneadh coigeartú €39,995 ar iarmhéid tosaigh (costas agus dímheas) an 1 Eanáir 2023 i leith iomlána na sócmhainní chun an t-athrú sin a léiriú.

<b>9 Suimeanna Infhaighte</b>	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	€	€
Réamhíocaíochtaí	<u>16,059</u>	<u>22,505</u>
	<u>16,059</u>	<u>22,505</u>

<b>10 Suimeanna Infíochta</b>	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	€	€
Creidiúnaithe trádála	5,083	3,081
Cánacha agus costais shóisialta	2,195	1,432
Fabhruithe	<u>57,034</u>	<u>47,399</u>
	<u>64,312</u>	<u>51,912</u>

<b>11 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	€	€
Cuntais Reatha	47,130	41,686
Cuntas taisce	174,491	158,990
Airgead ar láimh	<u>165</u>	<u>394</u>
	<u>221,786</u>	<u>201,070</u>

**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023**

<b>12 Cuntas Caipítíl</b>	<b>2023</b>	<b>Arna athshonrú 2022</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
larmhéideanna amhail an 1 Eanáir	-	-
<i>Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas</i>		
Scaoilte ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	-	-
	<hr/>	<hr/>
	-	-
	<hr/>	<hr/>
larmhéid ag 31 Nollaig	-	-

**13 Áitreabh ina lonnaitear NESDO**

Tá NESDO lonnaithe in áitreabh amháin atá suite ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tógann NESDO an t-áitreabh seo ar cíós ar

bhonn bliantúil ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus níl sé ceangailte le léas. Íocadh cíós € 322,329 agus muirir sheirbhíse €86,343 i ndáil leis an mbliain 2023.

**14 Nochtaí Páirtithe Gaolmhara**

Ghlac comhaltaí Boird NESDO nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ó chomhaltaí den Bhord agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Deimhním nach raibh aon idirbheart i gceist sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird lenar bhain aon leas tairbhiúil leo do chomhaltaí Boird.

Tá Comhairle NESD (comh-chomhlacht NESDO) ina chomhlacht comhairleach amháin gan aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus tá struchtúr ar leith ann lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna eárnála barrthábhachtacha.

Tá príomhphearsanra bainistíochta in NESDO comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus comhaltaí den bhord. Ní bhfuair príomhphearsanra bainistíochta luach saothair, diolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról in NESDO.

Feidhmíonn NESDO agus NESD araon faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, ina bhfuil foráil maidir le leasanna a nochtadh.

**15 Na Ráitis Airgeadais a Cheadú**

Cheadaigh Bord NESDO na ráitis airgeadais an 16 Iúil 2024.



NES C

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta  
National Economic & Social Council

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta & Shóisialta

Cearnóg Parnell +353.1.814.6300

Baile Átha Cliath 1 [info@nesc.ie](mailto:info@nesc.ie)

D01 E7C1 [nesc.ie](http://nesc.ie)